Litreacha i mBéarla

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc ar ball faoi litreacha a sheol Comhairle Contae Dhún na nGall i mBéarla amháin.

(a) Sula bhféachann sibh ar an tuairisc, déan féin agus an duine in aice leat iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo atá le cloisteáil inti a chur ar fáil.

1) To breach _____
2) Official Languages Act _____
3) household charge _____
4) appeal _____
5) Language commissioner's report _____
6) formal investigation _____
7) their obligations _____
8) the Council confirmed _____
9) I promise _____
10) information network _____
11) recommendations _____

Anois féachaigí ar an tuairisc agus faighigí amach an raibh an ceart agaibh.

(b) Cén chanúint atá ag Áine Ní Bhreisleáin?

Ceist 2 Féach ar an mhír den dara huair.

(a) Breac síos cúig phointe faoin mhír. Nuair atá na pointí scríofa agat labhair leis an duine in aice leat agus cuir do chuid pointí féin i gcomparáid le pointí an duine sin.

(b) Conas a sháraigh Comhairle Contae Dhún na nGall Acht na dTeangacha Oifigiúla agus fo-alt scéim teanga na Comhairle? Pléigh leis an duine in aice leat é.

Ceist 3 '…d'éirigh le…'

Go minic nuair a chuirtear réamhfhocal simplí le focal bíonn ciall iomlán difriúil i gceist. Cuir na frásaí thíos in abairtí lena mbrí a léiriú:

éirigh le
éirigh as
éirigh idir
éirigh do

Ceist 4 '…*ar an ochtú lá de D**h**eireadh Fómhair*…'

Féach ar na rialacha a bhaineann leis an dáta a scríobh i bhfocail.

(a) Scríobh amach na dátaí thíos i bhfocail go díreach cosúil leis an sampla thuas.

3/09
26/06
18/12
12/03
01/04

(b) Líon na bearnaí fút féin:

Rugadh mé ar an _____.

(c) Anois, cuir an cheist seo ar chúpla duine eile sa rang:

Cén lá a rugadh tú?

Ceist 5 Scríobh nóta faoi chúis an tséimhithe sa sliocht seo thíos.

Dúirt siad gur úsáid siad líonra faisnéise leis na seoltaí a aimsiú, líonra nár b**h**ain leis an C**h**omhairle. Dúirt siad go dtuigeann siad an tábhacht a bhaineann leis an G**h**aeilge a c**h**ur chun cinn i ngach gné dá gcuid oibre. Cuirfidh Comhairle Contae D**h**ún na nGall leithscéal in airde ar a suíomh idirlín go luath maidir leis na litreacha seo agus d**h**eimhnigh siad go gcuirfeadh siad i bhfeidhm na moltaí a rinneadh i dtuarascáil an C**h**oimisinéara Teanga. Tá súil plé iomlán a dhéanamh ar an ábhar seo ag an chéad c**h**ruinniú eile don Chomhairle Contae. Áine Ní B**h**reisleáin, Nuacht TG4 i Lifear.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa:

- An scríobhann tú féin d'ainm i nGaeilge nó i mBéarla? Cén fáth?
- Cén seoladh atá agat? Cad is brí leis an seoladh sin i mBéarla? Cad is brí leis i nGaeilge?
- An bhfuil sé tábhachtach dar leat, litreacha oifigiúla a bheith dátheangach? Cén fáth?

Freagraí

Ceist 1

(a)

1)	breach	*sárú*
2)	Official Languages Act	*Acht na dTeangacha Oifigiúla*
3)	household charge	*muirear teaghlaigh*
4)	appeal	*achomhairc*
5)	Language commissioner's report	*tuairisc an Choimisinéara Teanga*
6)	formal investigation	*imscrúdú foirmiúil*
7)	their obligations	*a ndualgais*
8)	the Council confirmed	*dheimhnigh an Chomhairle*
9)	I promise	*geallaim (do)*
10)	information network	*líonra faisnéise*
11)	recommendations	*moltaí*

(b) *Canúint Uladh*

Ceist 2

(a) Cuir an mhír ar siúl arís dóibh uair nó dhó agus iarr orthu cúig phointe faoin mhír a scríobh síos. Tá sé tábhachtach go ndéanfadh gach beirt plé le chéile faoina gcuid pointí éagsúla, cuireann an plé agus an scríobh le chéile go mór le foghlaim na teanga.

(b) De bhrí nach raibh an litir dátheangach agus de bhrí go raibh seoltaí mhuintir na Gaeltachta i mBéarla.

Ceist 3

éirigh le – to succeed – D'éirigh le Máire a cuid oibre a dhéanamh in am.
éirigh as – to retire / to stop/ to give up – D'éirigh Séamas as a phost nuair a bhí sé cúig bliana is seasca d'aois./ D'éirigh Áine as na toitíní.
éirigh idir – to fight – D'éirigh eatarthu.
éirigh do – to happen to – Cad a d'éirigh dó ansin?

Ceist 4 (An tuiseal tabharthach)

'…*ar an ochtú lá de D**h**eireadh Fómhair*…'

Réamhfhocal agus 'an':
- ní dhéantar aon athrú ar ghuta
- cuirtear urú ar chonsain, seachas d agus t
- (cuirtear séimhiú ar chonsain i gcanúint an Tuaiscirt)
- cuirtear ***t*** ar fhocail bhaininscneacha a thosaíonn le ***s***.

An réamhfhocal 'de'
- cuirtear séimhiú ar chonsain
- úsáidtear d' roimh ghuta

3/09 ar an tríú lá de mhí Mheán Fómhair (de Mheán Fómhair)
26/06 ar an séú lá is fiche de mhí an Mheithimh (de Mheitheamh)
18/12 ar an ochtú lá déag de mhí na Nollag (de Nollaig)
12/03 ar an dara lá déag de mhí an Mhárta (de Mhárta)
01/04 ar an gcéad lá de mhí Aibreáin (d'Aibreán)

Ceist 5

- ‘nár bhain’ – athraíonn ***nach*** go dtí ***nár*** san aimsir chaite agus cuirtear séimhiú ar an bhriathar.

- ‘leis an Chomhairle’ – cuirtear séimhiú in áit urú ar an chonsan sa tuiseal tabharthach i gcanúint Uladh.

- ‘An G**h**aeilge’ – cuirtear séimhiú ar ainmfhocal baininscneach a thosaíonn le consan (seachas d, t agus s) tar éis ‘an’.

- ‘a chur’ – nuair a bhíonn cuspóir díreach i gceist in abairt, tagann an cuspóir díreach sin ar dtús, agus tagann an mhír **a**, a leanann séimhiú é, roimh an ainm briathartha.

- ‘Comhairle Contae D**h**ún na nGall’ – Chun ‘Dún na nGall’ a chur sa tuiseal ginideach, ní gá ach séimhiú a chur ar an gcéad fhocal. Baineann an riail chéanna le go leor logainmneacha nó ainmneacha áiteanna eile chomh maith, mar shampla: foireann B**h**aile Átha Cliath, baile C**h**eatharlach, muintir M**h**aigh Eo, cathair B**h**éal Feirste, srl.

- ‘dheimhnigh’ – An briathar sa aimsir chaite.

- ‘i dtuarascáil an C**h**oimisinéara Teanga’ – an tuiseal ginideach, uimhir uatha, firinscneach.

- ‘an chéad c**h**ruinniú’ – cuirtear séimhiú ar ainmfhocal a thosaíonn le consan tar éis ***céad*** (nuair is í an chiall ‘first’ atá i gceist).

- Áine Ní B**h**reisleáin – cuirtear séimhiú ar shloinnte ban tar éis ‘Ní’.

Ceist 6
Tabhair tamall do na daltaí na ceisteanna a phlé i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola
Níor éirigh leis an gComhairle Contae i nDún na nGall plé a dhéanamh inniu ar an sárú a rinne an Chomhairle ar Acht na dTeangacha Oifigiúla anuraidh. Sheol an Chomhairle tríocha míle litir i mBéarla amháin faoin Muirear Teaghlaigh[1] chuig úinéirí tí. Tá sé deimhnithe ag an gComhairle Contae nach mbeidh siad ag déanamh achomhairc chuig an Ard-Chúirt[2] faoi thuairisc an Choimisinéara Teanga.

Áine Ní Bhreisleáin
Cé gur déanadh[3] plé ar thuairisc an Choimisinéara Teanga ag cruinniú de choiste na Gaeilge ar maidin, níor éirigh leis an Chomhairle Contae teacht a fhad leis tráthnóna. Ar an ochtú lá de Dheireadh Fómhair sheol an chomhairle[4] thart ar thríocha[5] míle litir scríofa i mBéarla amháin lena seoltaí scríofa i mBéarla fosta chuig úinéirí tí. Bhain an litir leis an Mhuirear Teaghlaigh. Chuir roinnt daoine gearán chuig an Choimisinéir Teanga. I ndiaidh tamaill, cuireadh tús le himscrúdú foirmiúil. Chinn an Coimisinéir ina thuairisc gur sháraigh Comhairle Contae Dhún na nGall a ndualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla gan an litir a bheith dátheangach.[6] Fosta sháraigh siad fo-alt de scéim teanga na Comhairle le seoltaí i mBéarla a úsáid do phobal na Gaeltachta. Dheimhnigh an Chomhairle go bhfuil siad dáiríre a ndualgaisí[7] faoi Acht na dTeangacha a chomhlíonadh agus a gcuid spriocanna féin faoin scéim teanga a chur i bhfeidhm.

An Comhairleoir Daithí Alcorn
Tá leithscéal gafa anois ag an Chomhairle Contae[8], cuirim fáilte roimhe sin ach geallaim le[9] muintir na Gaeltachta ag éirí amach as sin, a fhad is atá Coiste na Gaeilge agus mé féin mar chathaoirleach air sin nach dtarlóidh sin arís agus tá mé ag déanamh go bhfuil sin leagtha amach go soiléir ar an tuairisc a bheas ag dul ar ais ón bhainisteoir[10] Séamus ó Conghaile chuig oifig an Choimisinéara Teanga.

Áine Ní Bhreisleáin
Dúirt siad gur úsáid siad líonra faisnéise leis na seoltaí a aimsiú, líonra nár bhain leis an Chomhairle. Dúirt siad go dtuigeann siad an tábhacht a bhaineann leis an Ghaeilge a chur chun cinn i ngach gné dá gcuid oibre. Cuirfidh Comhairle Contae Dhún na nGall leithscéal in airde ar a suíomh idirlín go luath maidir leis na litreacha seo agus dheimhnigh siad go gcuirfeadh siad i bhfeidhm na moltaí a rinneadh i dtuarascáil an Choimisinéara Teanga. Tá súil plé iomlán a dhéanamh ar an ábhar seo ag an chéad chruinniú eile don Chomhairle Chontae[11]. Áine Ní Bhreisleáin, Nuacht TG4 i Lifear.

[1] *muirear Teaghlach* a deirtear
[2] *chuig na hArd-Chúirte* a deirtear
[3] *go ndearnadh* atá sa chaighdeán
[4] *An comhairle* a deirtear
[5] *tríocha* a deirtear
[6] *dhátheangach* a deirtear
[7] *dualgais* atá sa chaighdeán
[8] *ag Comhairle Contae* a deirtear
[9] *geallaim do* atá sa chaighdeán
[10] *ón bainisteoir* a deirtear
[11] *Contae* atá sa chaighdeán